Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 17 Eanáir 2025
(OR. en)

5395/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0456(NLE)**

**ACP 2**
**WTO 1**
**RELEX 49**
**COASI 11**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 5897/24 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 16744/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile<br>- Glacadh |

1. An 12 Nollaig 2023, thíolaic an Coimisiún don Chomhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile agus, mar iarscríbhinn, an tairiscint ar rochtain ar an margadh a thíolaic Túvalú (16744/23 + ADD 1).

2. An 23 Eanáir 2024, scrúdaigh Meitheal ACC an togra thuasluaite agus tháinig sí ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

3. An 19 Feabhra 2024, d’iarr an Chomhairle ar Pharlaimint na hEorpa toiliú a thabhairt maidir le haontachas Thúvalú leis an gComhaontú.

4. Thug Parlaimint na hEorpa a toiliú ina leith an 18 Nollaig 2024.

5. Dhearbhaigh Meitheal ACC go n-aontaíonn sí le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 14 Eanáir 2025.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfaidh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle maidir le haontachas Thúvalú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus na Stáit san Aigéan Ciúin, den pháirt eile, a ghlacadh mar mhír 'A' mar a leagtar amach tar éis do na dlítheangeolaithe bailchríoch a chur air in 5757/1/24 REV 1 + 5757/24 ADD 1 é;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle;

– a iarraidh go bhfoilseofar an Cinneadh san Iris Oifigiúil.